

FOLÚNTAS

# Oifigeach Cumarsáide

Aonad: Oifig an Stiúrthóra
Tagairt: ECDC/FGIV/2020/DIR-CO

Tá iarratais á lorg ar an bpost thuasluaite mar Ghníomhaire ar Conradh sa Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú (ECDC).

## Sainchuntas poist

Tuairisceoidh an sealbhóir poist do Cheann na Rannóige um Chumarsáid agus Urlabhraí.

Tabharfaidh sé/sí tacaíocht do ghníomhaíochtaí ginearálta cumarsáide ECDC; d'fhéadfadh obair in aon cheann de réimsí na cumarsáide inmheánaí, seachtraí agus riosca a bheith i gceist sna gníomhaíochtaí sin. Áirítear ar na tascanna a bheidh le cur i gcrích rannchuidiú le ceann amháin nó níos mó de na réimsí oibre seo a leanas:

- Beartas cumarsáide agus pleananna cumarsáide ECDC a fhorbairt, a chur chun feidhme agus faireachán a dhéanamh orthu;
- Inneachar a phleanáil, a chur in eagar agus a tháirgeadh maidir le cainéil éagsúla chumarsáide idir inmheánach agus sheachtrach (inlíon, tairseach gréasáin, na meáin shóisialta, nuachtlitreacha, cruinnithe duine le duine agus cruinnithe fíorúla);
- Comhairle agus tacaíocht chumarsáide, lena n-áirítear aschuir eolaíocha, feachtais sláinte poiblí agus cumarsáid riosca a chur in iúl;
- For-rochtain agus rannpháirtíocht geallsealbhóirí agus líonraí,
- Imeachtaí fisiciúla agus digiteacha agus feachtais fhisiciúla agus dhigiteacha a eagrú,
- Obair réamhghníomhach ar son ECDC leis na meáin chumarsáide, lena n-áirítear faireachán agus anailís ar na meáin thraidisiúnta agus ar na meáin shóisialta;
- Bainistiú tionscadal ar ghníomhaíochtaí sonracha cumarsáide, lena n-áirítear cabhrú le soláthar;
- Gníomhaíochtaí eile arna sannadh don fhoireann Chumarsáide agus aon chúraimí eile a bhaineann lena réimse oibre de réir mar a iarrtar.

# Na cáilíochtaí agus an taithí a theastaíonn

## A. Ceanglais fhoirmiúla

Chun bheith i d'iarrthóir incháilithe, ní mór duit sraith ceanglas foirmiúil a chomhlíonadh. Is iad seo a leanas na riachtanais atá i gceist:

- Staidéar ollscoile críochnaithe 3 bliana ar a laghad arna fhianú ag dioplóma agus taithí ghairmiúil chuí 1 bhliana ar a laghad [1];
- Eolas cruinn ar cheann amháin de theangacha oifigiúla AE agus eolas sásúil ar theanga oifigiúil eile AE sa mhéid is gá chun a d(h)ualgais a chomhlíonadh[2];
- A bheith ina náisiúnach de chuid Ballstáit AE nó de chuid na hIorua, na hÍoslainne nó Lichtinstéin;
- A bheith i dteideal a c(h)eart iomlán mar shaoránach[3];
- Aon oibleagáidí a fhorchuirtear leis na dlíthe is infheidhme ar sheirbhís mhíleata a bheith comhlíonta aige/aici;
- Na riachtanais charachtair a chomhlíonadh maidir leis na dualgais atá i gceist; agus
- A bheith corpacmhainneach chun na dualgais a bhaineann leis an bpost a chomhlíonadh.

## B. Critéir roghnúcháin

Tá **critéir riachtanacha** maidir le taithí ghairmiúil/eolas gairmiúil agus tréithe pearsanta/scileanna idirphearsanta sainaitheanta againn don phost seo.

### Taithí ghairmiúil / eolas:

- Taithí ghairmiúil 3 bliana ar a laghad, tar éis an dioplóma a bhaint amach, a gnóthaíodh i bpoist a bhaineann leis an sainchuntas poist, lena n-áirítear, más féidir, taithí ar réimse na cumarsáide sláinte nó ar an gcomhthéacs AE;
- Taithí láidir phraiticiúil ar chumarsáid in eagraíocht mhór;
- Inniúlacht agus tuiscint láidir ar na gnéithe cumarsáide den rannpháirteachas le páirtithe leasmhara (spriocghrúpaí inmheánacha agus seachtracha);
- Taithí ar bheartais chumarsáide inmheánacha agus/nó sheachtracha a chur chun feidhme;
- Dea-thaithí agus dea-scileanna bainistíochta tionscadal;
- Taithí oibre a gnóthaíodh i dtimpeallacht idirnáisiúnta/ilchultúrtha;
- Ardleibhéal Béarla, idir scríofa agus labhartha.

---

1 Ní chuirtear san áireamh ach dioplómaí agus teastais a bronnadh i mBallstáit AE nó lena mbaineann teastais chomhionannais arna n-eisiúint ag údaráis sna Ballstáit sin.
2 Iarrthóirí a bhfuil máthairtheanga acu nach teanga oifigiúil de chuid an Aontais Eorpaigh í nó iarrthóirí a bhfuil Béarla acu mar mháthairtheanga, ní mór dóibh leibhéal an dara teanga a chruthú le teastas (B1 nó níos mó).
3Sula gceapfar é/í, iarrfar ar an iarrthóir rathúil deimhniú ó na póilíní a chur ar fáil, rud ina léireofar nach bhfuil aon taifead coiriúil ar bith aige/aici.

### Tréithe pearsanta/scileanna idirphearsanta:

- Cumas faisnéis choimpléascach eagraíochtúil agus eolaíochta a shintéisiú agus a thiontú ina teanga atá intuigthe ag baill foirne ECDC agus ag páirtithe leasmhara seachtracha;
- Sárscileanna cumarsáide ó bhéal agus scríofa agus an cumas rannpháirteachas a chothú agus daoine a spreagadh;
- Sárscileanna idirphearsanta agus sárchumas in obair fhoirne;
- Cur chuige láidir atá dírithe ar sheirbhís agus béim ar obair ar ardchaighdeán a sheachadadh.

Ag brath ar an líon iarratas a gheofar, d’fhéadfadh an coiste roghnúcháin riachtanais níos doichte a chur i bhfeidhm laistigh de na critéir roghnúcháin atá luaite thuas.

## Comhdheiseanna

Is fostóir comhdheiseanna é ECDC agus molann sé go láidir do gach iarrthóir a chomhlíonann na critéir incháilitheachta agus roghnúcháin iarratas a dhéanamh, gan aon idirdhealú bunaithe ar fhorais amhail aois, cine, polaitíocht, fealsúnacht nó creideamh, inscne nó gnéaschlaonadh agus beag beann ar mhíchumais.

## Ceapachán agus coinníollacha fostaíochta

Ceapfar an sealbhóir poist de réir gearrliosta a mholfaidh an Coiste Roghnúcháin don Stiúrthóir. Is ar an bhfógra folúntais seo a bheidh an moladh ón gCoiste Roghnúcháin bunaithe. D’fhéadfaí a iarraidh ar iarrthóirí trialacha scríofa a dhéanamh. Ba cheart d’iarrthóirí a thabhairt dá n-aire go bhféadfaí an togra a chur ar fáil go poiblí agus nach ionann ainm a bheith ar an ngearrliosta agus duine a earcú. Déanfar an gearrliosta iarrthóirí a ullmhú tar éis próiseas roghnúcháin oscailte.

Earcófar an t-iarrthóir a n-éireoidh leis/léi mar ghníomhaire ar conradh, de bhun airteagal 3a) de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile na gComhphobal Eorpach go ceann tréimhse cúig bliana. D’fhéadfaí an conradh a athnuachan. Ceapfar an t-iarrthóir rathúil chuig **Feidhmghrúpa IV.**

Ba cheart d'iarrthóirí a thabhairt dá n-aire go gceanglaítear le rialacháin foirne an AE go gcuirfidh gach ball foirne nua tréimhse phromhaidh i gcrích go rathúil.

Chun tuilleadh faisnéise a fháil faoi na coinníollacha conarthacha agus oibre, féach Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile na gComhphobal Eorpach, atá ar fáil ag an nasc seo a leanas:

https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A01962R0031-20140501

Beidh an post lonnaithe i Stócólm, áit a gcuireann an Lárionad a chuid gníomhaíochtaí i gcrích.

## Liosta ionadaithe

D’fhéadfaí liosta ionadaithe a chruthú agus a úsáid chun críche earcaíochta, sa chás go dtagann folúntais den chineál céanna chun cinn, lena n-áirítear folúntais a bhfuil tréimhse chonartha níos giorra ag baint leo mar gheall ar chistiú atá teoranta ó thaobh ama de. Beidh an liosta sin bailí go dtí an 31 Nollaig sa bhliain ina dtiteann an spriocdháta le haghaidh iarratas. D’fhéadfaí síneadh ama a chur leis an tréimhse sin.

# Nós imeachta iarratais

**Chun iarratas a chur isteach, seol iarratas comhlánaithe chuig Recruitment@ecdc.europa.eu, agus tagairt an fholúntais agus do shloinne á lua go soiléir agat i líne ábhair an ríomhphoist.**

**Chun a chinntiú go mbeidh d'iarratas bailí, ní mór duit gach cuid riachtanach den fhoirm iarratais a chomhlánú. Ba cheart an fhoirm iarratais a chur isteach i bhformáid Word nó PDF. B'fhearr í a bheith comhlánaithe i mBéarla[4]. Measfar aon iarratais neamhiomlána a bheith neamhbhailí.**

**Tá an fhoirm iarratais ECDC ar fáil anseo ar ár láithreán gréasáin:**

**https://ecdc.europa.eu/en/about-us/work-us/recruitment-process**

Tá an spriocdháta le hiarratais a chur isteach agus tuilleadh faisnéise faoi staid an nós imeachta roghnúcháin seo, mar aon le faisnéis thábhachtach faoin bpróiseas earcaíochta, ar fáil ar ár láithreán gréasáin. Is féidir teacht ar an méid sin ach an nasc thuas a úsáid.

Mar gheall ar an líon mór iarratas a fhaightear, ní rachfar i dteagmháil ach le hiarrthóirí a dtabharfar cuireadh chun agallaimh dóibh.

4 Rinneadh an fógra folúntais seo a aistriú go gach teanga oifigiúil AE ón mbunleagan Béarla. Ós rud é gurb é Béarla an phríomhtheanga a úsáidtear in oibríochtaí laethúla na Gníomhaireachta, b'fhearr le ECDC an t-iarratas a fháil i mBéarla.